Merlin Woods Update

Removal of Fallen Trees | 31 August 2026

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Following our information leaflet delivered to you in July, Galway City Council will progress tree removal works in the week commencing 7 September 2026. A Traffic Management Plan will be in place along the route outlined in the map on the right.



Site traffic movements will be restricted to 10:00am - 4:00pm and will likely last for 12 weeks (up to mid-December).

The impact of the Traffic Management Plan will be monitored for the duration of operations. If you have any concerns in relation to the traffic plan, please contact the works contractor at **Info@EuroForest.ie**

The Future Plan for Merlin Woods

Thank you to all those who attended the public information sessions in July on the future plan for Merlin Woods.

In September, Galway City Council will apply to the Department of Agriculture, Food and the Marine for funding to ensure Merlin Woods remains an accessible, attractive woodland for the local community.

If successful, this funding under the NeighbourWood Scheme could deliver amenities including trails, seating, picnic areas, a forest school, or orienteering routes for example. The funding will also ensure replanting of the woods with native species.

Securing departmental funding for the replanting of the woods and installation of amenity facilities is vital for the future of Merlin Woods.

If you would like to make suggestions for amenities under this funding application please contact **PaddyDoyle@ForestryServices.ie** by 11 September 2026. For more information on 'NeighbourWood' funding, please see **www.Gov.ie** and search for 'NeighbourWood Scheme'.

Nuashonrú maidir le Coill Mhuirlinne

Crainn Leagtha le Baint | 31 Lúnasa 2026

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

I ndáil leis an mbileog eolais a seoladh chugat i mí Lúil, tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús a chur leis an obair crainn a bhaint an tseachtain dar tús an 7 Meán Fómhair 2026. Beidh Plean Bainistithe Tráchta i bhfeidhm feadh an bhealaigh atá léirithe ar an léarscáil ar dheis.



Is idir 10:00am agus 4:00pm a bheidh trácht ag gluaiseacht chuig agus ón suíomh agus is dócha go leanfaidh an obair ar aghaidh ar feadh 12 sheachtain (go lár mhí na Nollag).

Déanfar monatóireacht ar thionchar an Phlean Bainistithe Tráchta le linn na hoibríochta. Má tá aon ábhar imní ort maidir leis an bplean tráchta, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir a bheidh i mbun na hoibre ag **Info@EuroForest.ie**

An Plean do Thodhchaí Choill Mhuirlinne

Táimid fíorbhuíoch do gach uile dhuine a bhí i láthair ag na seisiúin eolais don phobal i mí Lúil maidir leis an bplean do Thodhchaí Choill Mhuirlinne.

Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar mhaoiniú i mí Mheán Fómhair, lena chinntiú go bhfanfaidh Coill Mhuirlinne inrochtana agus tarraingteach don phobal áitiúil.

Má éiríonn leis an iarratas, d'fhéadfadh an maoiniú seo faoin Scéim NeighbourWood áiseanna amhail cosáin, suíocháin, limistéir phicnice, scoil foraoise nó bealaí treodóireachta, mar shampla, a chur ar fáil. Cinnteofar leis an maoiniú freisin go n-athchuirfear speicis dhúchasacha sa gcoill.

Tá sé ríthábhachtach maoiniú ón Roinn a fháil chun an choill a athchur agus saoráidí taitneamhachta a shuiteáil ar mhaithe le todhchaí Choill Mhuirlinne.

Más mian leat moltaí a dhéanamh maidir leis na saoráidí a d'fhéadfaí a chur ar fáil faoin iarratas maoinithe seo, déan teagmháil le **PaddyDoyle@ForestryServices.ie** faoin 11 Meán Fómhair 2026. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin maoiniú 'NeighbourWood', féach ar **www.Gov.ie** agus déan cuardach ar 'NeighbourWood Scheme'.